SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

## Leithdháiltí Maoinithe 2023, Tráinse

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

# €6.4m San infheistíocht iomlán ó Chuntais Dhíomhaoine Spórt Éireann, Tráinse 2, 2023

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**
**€1.7m**

**A Gluaiseachtaí**
**€315k**

**Moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp**
**€248k**

**Tionscnaimh de chuid Éirigh Gníomhach in Éirinn**
**€575k**

**Nuálaíocht ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt**
**€370k**

**Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha**
**€963k**

**Spórt Áitiúil do Dhaoine atá faoi Mhíchumas**
**€2.2m**

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

# Clár na nÁbhar

LEATHANACH


**TIONSCADAIL SHEACHTRACHA**

| | |
|---|---|
| Ciste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na gCoistí Náisiúnta Rialaithe | 4 |
| Tionscadail de chuid Éirigh Gníomhach in Éirinn | 5 |
| Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha | 6 |
| Her Moves | 7 |
| Nuálaíocht ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt | 9 |
| Ciste Spórt Áitiúil do Dhaoine atá faoi Mhíchumas | 9 |
| Moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp na gCoistí Náisiúnta Rialaithe | 10 |

**TIONSCADAIL INMHEÁNACHA**

| | |
|---|---|
| Éirigh Gníomhach in Éirinn | 11 |
| Mná sa Spórt | 11 |
| Tacaíocht le haghaidh Nuálaíocht ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt | 11 |

# Tionscadail Sheachtracha

## Ciste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na gCoistí Náisiúnta Rialaithe

Is é is aidhm don chiste seo deis a thabhairt do choistí náisiúnta rialaithe tionscadail a chur i gcrích ina mbeifear dírithe ar na bacainní agus dúshláin roimh an rannpháirtíocht a shárú i gcás daoine i bpobail éagsúla, gan aon bheann ar chúlra soch-eacnamaíoch, inscne, míchumas, gnéaschlaonadh nó eitneacht. Beidh gach tionscnamh a fuair maoiniú ag tacú le ceann amháin ar a laghad de na cúig bhunchloch atá i mBeartas Spórt Éireann um an Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Spórt:

- Athrú
- Cumarsáid
- Rochtain
- Cumas
- Ceannaireacht

Fágann an ciste seo go mbeidh coistí náisiúnta rialaithe in ann forbairt a dhéanamh ar thionscadail agus ar thionscnaimh oiriúnacha ar éirigh go sásúil leo roimhe seo. Chomh maith leis sin, mar chuid den chiste seo táthar ag féachaint le forbairt a dhéanamh ar an gcumas agus ar na scileanna atá le fáil i saol an spóirt ó thaobh na hionchuimsitheachta de.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann | €31,500 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €75,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €50,000 |
| Cruicéad Éireann | €75,000 |
| Spóirt na mBodhar, Éire | €5,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €100,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €63,500 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €75,000 |
| Cónaidhm Scuaise na hÉireann | €48,500 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €12,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | €50,000 |
| Rásaíocht Mótair Éireann | €14,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €61,500 |
| Cluichí Pobail Náisiúnta | €50,000 |
| ONAKAI | €17,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €43,000 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €34,500 |
| Rámhaíocht Éireann | €75,000 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | €30,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €75,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €8,500 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €75,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €12,500 |
| Tarraingt Téide na hÉireann | €64,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €75,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €65,000 |

*Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú comhdhlúite ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail neamhspleácha agus tionscadail chomhoibríocha in CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i Liathróid Láimhe CLG na hÉireann. Scaoilfear an maoiniú ar fad le CLG a bheidh in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach dá réir. Leis an gcur chuige seo, táthar ag féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar Ghníomh 3.6 i bPlean Gníomhaíochta 2021-2023 an Rialtais um an Spórt: *Comhchreat maoinithe a fhorbairt chun treoir a thabhairt i dtaca le maoiniú Stáit a leithdháileadh i gcás Cluichí Gaelacha i ngach cód.*

## Bímis ag Rith/ag Rothaíocht/ag Snámh/ag Siúl in Éirinn

Tá na tionscadail a bhaineann le Éirigh Gníomhach in Éirinn ag tacú le gníomh 43 agus gníomh 45 den Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp.

Gníomh 45 *'tionscnaimh nua Bímis ag Rith in Éirinn, Bímis ag Rothaíocht in Éirinn agus Bímis ag Snámh in Éirinn a fhorbairt le cultúr den ghníomhaíocht coirp ar mhaithe leis an tsláinte a fhorbairt in Éirinn'.*

Gníomh 43 *'Clár Siúil na bPobal Gníomhach a chur i bhfeidhm i ngach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt agus tacaíocht a thabhairt do bhreis agus 500 grúpa siúil nua i bpobail ghníomhacha ar fud na tíre mar chuid den tionscnamh Bímis ag Siúl in Éirinn'.*

Táthar tar éis Maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine a úsáid chun tacú leis na tionscadail seo idir 2016 agus 2022. Úsáidfear an maoiniú seo in 2023 chun cur níos mó leis na cláir in 2023/2024.

Tá na leithdháiltí ag tacú chomh maith le Gníomh 5 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027. Tá sé ina aidhm sa Bheartas sin tús áite a thabhairt do spóirt mar an snámh, rothaíocht agus reathaíocht le go mbeidh tacaíocht ann le haghaidh leibhéil níos airde den rannpháirtíocht ghníomhach i gcaitheamh an tsaoil.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €150,000 |
| Rothaíocht Éireann | €150,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €125,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €150,000 |



## Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha

Tá sé mar aidhm ag tionscnamh na dtacaíochtaí d'oibrithe deonacha daoine atá ag obair go deonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas a aithint ar bhealach spriocdhírithe agus cabhrú leo scileanna ceannaireachta spóirt pobail agus gníomhaíochta coirp a fháil, m.sh. mar chóitseálaithe, ceannairí, réiteoirí, baill choiste, srl.

### Torthaí Beartaithe an Tionscnaimh:

- Méadú ar an líon oibrithe deonacha sa spórt.
- Níos mó éagsúlachta i measc oibrithe deonacha sa spórt.
- Caighdeán níos airde d'oibrithe deonacha sa spórt, agus leibhéil níos airde rannpháirtíochta dá bharr.
- Caighdeán níos airde d'oibrithe deonacha ar mná iad i réimsí na ceannaireachta, an rialachais, na cóitseála agus na réiteoireachta.
- Oibrithe deonacha ar a gcumas le níos mó deiseanna gníomhaíochta coirp/ spóirt a sholáthar ar leibhéal an phobail agus do spriocghrúpaí.
- Oiliúint a chur ar fáil do dhaoine óga, rud a choinneoidh páirteach iad, a chuirfidh lena bhfreagracht, agus a fhorbróidh a muinín agus a bhféinmheas.

*Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú comhdhlúite ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail neamhspleácha agus tionscadail chomhoibríocha in CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i Liathróid Láimhe CLG na hÉireann. Scaoilfear an maoiniú ar fad le CLG a bheidh in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach dá réir. Leis an gcur chuige seo, táthar ag féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar Ghníomh 3.6 i bPlean Gníomhaíochta 2021-2023 an Rialtais um an Spórt: *Comhchreat maoinithe a fhorbairt chun treoir a thabhairt i dtaca le maoiniú Stáit a leithdháileadh i gcás Cluichí Gaelacha i ngach cód.*

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €9,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €42,500 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €60,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €60,000 |
| Cruicéad Éireann | €35,500 |
| Rothaíocht Éireann | €30,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €55,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €5,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €44,500 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | €23,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €26,000 |
| ONAKAI | €13,800 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €6,600 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €46,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €45,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €60,000 |
| Campas Spórt Éireann | €30,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €30,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €16,000 |
| Tarraingt Téide na hÉireann | €10,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €60,000 |

## Her Moves

Seoladh an feachtas A Gluaiseachtaí i mí an Mhárta in 2023, é deartha le tuilleadh cailíní ar déagóirí iad a spreagadh le bheith gníomhach agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Is é atá i gceist leis an bhfeachtas an chumhacht a thabhairt do gach bean óg, muinín a chothú agus an spreagadh a thabhairt le go mbeidh siad gníomhach. Tá Ciste an Chláir A Gluaiseachtaí dírithe ar thacú le forbairt agus tástáil clár agus tionscnamh a fhéachann leis na rátaí fágála spóirt agus gníomhaíochta coirp a laghdú i measc cailíní sna déaga.

Gné lárnach den chiste seo ná go ndéanfaidh na boird rialaithe náisiúnta cláir spóirt agus gníomhaíochta coirp a chruthú agus a chur ar fáil bunaithe ar na 8 bPríomhphrionsabal Ratha ó Thuarascáil Taighde Girls Get Active maidir le Cailíní sna Déaga..

1. Ná tugtar breithiúnas.
2. Spreagadh a mhúscailt.
3. Luach saothair soiléir mothúchán.
4. Oscailt súl dá bhfuil ar fáil.
5. Gnáthchuid de ghnása atá cheana ann.
6. Deis agus rogha a thabhairt do chailíní.
7. Tacú lena bhfuil ann dóibhsean.
8. Cur leis an gcoincheap ar cad is 'spórtúil' ann.

*Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú comhdhlúite ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail neamhspleácha agus tionscadail chomhoibríocha in CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i Liathróid Láimhe CLG na hÉireann. Scaoilfear an maoiniú ar fad le CLG a bheidh in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach dá réir. Leis an gcur chuige seo, táthar ag féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar Ghníomh 3.6 i bPlean Gníomhaíochta 2021-2023 an Rialtais um an Spórt: *Comhchreat maoinithe a fhorbairt chun treoir a thabhairt i dtaca le maoiniú Stáit a leithdháileadh i gcás Cluichí Gaelacha i ngach cód.*

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €20,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €20,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €20,000 |
| Cruicéad Éireann | €10,000 |
| Rothaíocht Éireann | €10,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €40,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €12,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €16,000 |
| Cónaidhm Scuaise na hÉireann | €8,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | €12,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €20,000 |
| ONAKAI | €10,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €5,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €16,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €20,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €9,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €15,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €10,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €17,000 |

## Ciste na Nuálaíochta ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt

Tá an nuálaíocht ar cheann de na luachanna uileghabhálacha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018-2027. Deirtear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt go "Spreagfaimid agus gríosfaimid réitigh nuálacha i leith na ndúshlán a bhímid ag féachaint le haghaidh a thabhairt orthu ó thaobh na rannpháirtíochta, na hardfheidhmíochta agus an earnáil spóirt a fhorbairt." Ina theannta sin, cuirtear chun cinn sa Bheartas Náisiúnta Spóirt "earnáil spóirt in-oiriúnaithe nuálach a fhorbairt a bheidh cumasach ar na hathruithe a thagann ar riachtanais daoine aonair, ag pointí difriúla ina saol, a aithint is freagairt do na hathruithe sin."

### Seo a leanas cuspóirí an Chiste Nuálaíochta:

- Triail a bhaint as cineálacha nua cur chuige le rannpháirtíocht sa spórt a fhorbairt agus a chur chun cinn
- Na rudaí a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo a mheas agus a dhoiciméadú; agus
- A léiriú gur féidir iad a athchruthú agus a scálú lena n-úsáid agus lena gcur chun feidhme ar fud na tíre.

Féachann na tionscadail seo le triail a bhaint as réitigh nuálacha agus inscálaithe ar fhadhbanna agus ar dhúshláin ríthábhachtacha a bhaineann le forbairt na rannpháirtíochta sa spórt ar leibhéil na tíre, an cheantair áitiúil, an phobail agus an duine aonair. Is é is aidhm don chiste seo tionscadail in earnáil an spóirt in Éirinn atá dírithe go speisialta ar an ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus nuálaíocht a aimsiú agus tacú leo.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Cispheile na hÉireann | €70,000 |
| Cruicéad Éireann | €75,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €70,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €75,000 |



## Ciste Spórt Áitiúil do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Mar fhorbairt ar Chiste na gClubanna chun Tacaíocht a chur ar fáil do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, 'Spórt do Chách' ó 2022, an aidhm atá leis an gciste seo tionscnaimh áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas a thosú, a chur chun cinn nó a luathú i Líonraí Clubanna na mBord Rialaithe Náisiúnta agus a gcuid clubanna cleamhnaithe.

Fágfaidh an ciste seo go mbeidh clubanna in ann gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an míchumas a sholáthar agus deiseanna ionchuimsitheacha a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Tacóidh an Ciste Spóirt Áitiúil do Dhaoine faoi Mhíchumas leo seo a leanas:
- Oiliúint agus oideachas a bhaineann go sonrach leis an míchumas.
- Clár nó tionscadal a bhaineann go sonrach leis an mí a thosú nó a leathnú.
- Trealamh a cheannach nó oibreacha bonneagair ar scála beag a chur i gcrích trína mbeifear ag tacú le clár nó tionscadal a bhaineann go sonrach le míchumas.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €100,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €50,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €60,000 |
| Cruicéad Éireann | €50,000 |
| Rothaíocht Éireann | €40,000 |
| Spóirt na mBodhar, Éire | €8,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | €280,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €430,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €70,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €70,000 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | €25,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €170,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €12,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | €60,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €10,000 |
| ONAKAI | €10,000 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €40,000 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | €2,500 |
| Rámhaíocht Éireann | €20,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €165,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €15,500 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €175,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €37,000 |
| Cumann Tógála Meáchan na hÉireann | €60,000 |
| Irish Sailing | €60,000 |

*Cuirfidh Spórt Éireann maoiniú comhdhlúite ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail neamhspleácha agus tionscadail chomhoibríocha in CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i Liathróid Láimhe CLG na hÉireann. Scaoilfear an maoiniú ar fad le CLG a bheidh in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach dá réir. Leis an gcur chuige seo, táthar ag féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar Ghníomh 3.6 i bPlean Gníomhaíochta 2021-2023 an Rialtais um an Spórt: *Comhchreat maoinithe a fhorbairt chun treoir a thabhairt i dtaca le maoiniú Stáit a leithdháileadh i gcás Cluichí Gaelacha i ngach cód.*

## Moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp na mBord Rialaithe Náisiúnta

Reáchtáil Spórt Éireann méid áirithe Moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp ar bhonn trialach in 2022. Is éard is aidhm le Mol Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus spás a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa cheantar. Tugtar eolas, tacaíocht agus comhairle sna Moil maidir le gníomhaíochtaí na mBord Náisiúnta Rialaithe le go mbeidh sé níos éasca ag daoine i gceantair faoi mhíbhuntáiste a bheith páirteach agus stíl mhaireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla a bheith acu. Tugtar aitheantas sna Moil don éagsúlacht atá le fáil sna pobail áitiúla. Beifear ag féachaint le rannpháirtíocht a mhéadú i measc daoine ó gach cuid den phobal.

Ní mar a chéile aon dá Mhol. Mar sin féin, ba chóir do gach ceann acu cloí le prionsabail áirithe, is iad sin an rannpháirtíocht a fhás, plé leis an bpobal áitiúil, ceannaireacht sa phobal a chur chun cinn, meascán deiseanna spóirt a chur ar fáil agus na príomhpháirtithe/grúpaí/daoine lárnacha ar fad a tharraingt le chéile.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €62,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €62,000 |
| Cruicéad Éireann | €62,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €62,000 |



# Tionscadail Inmheánacha

## Éirigh Gníomhach in Éirinn

Láithreán gréasáin poiblí ar líne agus mol le haghaidh páirtithe leasmhara is ea Éirigh Gníomhach in Éirinn. Tá eolas cuimsitheach ann ar gach áis spóirt agus áineasa in Éirinn. Aithnítear gur tionscadal tábhachtach náisiúnta é Éirigh Gníomhach in Éirinn ina bhféachfar le leibhéil den ghníomhaíocht coirp a mhéadú agus trína ndéanfar pleanáil, maoiniú agus bainistiú áiseanna spóirt agus áineasa in Éirinn a fheabhsú. Ar a bharr sin, déanfaidh an tionscadal éascaíocht ar bheartais náisiúnta go leor a bhainfeadh le spórt, sláinte, sonraí agus forbairt náisiúnta. Agus an láithreán gréasáin seolta anois, táthar ag cur tús leis an obair chun aip a fhorbairt dóibh siúd a úsáideann gléas soghluaiste, chun na córais a aistriú go Gaeilge agus chun feachtas fairsing náisiúnta cumarsáide a chur i ngníomh.

| Tionscadal | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Éirigh Gníomhach in Éirinn | €150,000 |

## Mná sa Spórt

I mí Feabhra 2023, rinne Sport Éireann, le tacaíocht ó shainchomhairle neamhspleách, athbhreithniú ar a Bheartas maidir le Mná sa Spórt chun a chinneadh cé acu a bhí spriocréimsí, cuspóirí agus gníomhartha an Bheartais reatha ábhartha fós agus moltaí a sholáthar mar chuid de bheartas nua athbhreithnithe más gá. Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe a rinneadh, d'aithin Spórt Éirinn gur gá cur leis an líon cuspóirí agus gníomhartha faoi gach ceann de spriocréimsí an Bheartais. Tá maoiniú inmheánach acmhainní de dhíth chun an Beartas seo a chur i ngníomh lena dheimhniú go mbeifear in ann na gníomhartha agus cuspóirí a chur i bhfeidhm. Mar chuid den obair inmheánach tá seans ann go mbeidh imeachtaí, ceardlanna agus tionscnaimh eile le heagrú a chuirfidh leis an obair atá riachtanach faoin mBeartas.

| Tionscadal | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Mná sa Spórt | €100,000 |

## Clár Tacaíochta le haghaidh Nuálaíocht ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt

Sheol Spórt Éireann a chéad chiste nuálaíochta don ionchuimsitheacht sa spórt in 2020. Ó shin ar aghaidh, tá clár meantóireachta agus tacaíochta curtha ar bun chun tacú leis an gclár. Tá faighte amach go bhfuil an méid sin fíorthábhachtach le gach tionscadal nuálaíochta a phleanáil agus a bhaint amach. Beidh Spórt Éireann ag leanúint ar aghaidh le réimse seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil do gach comhpháirtí i dtionscadail nuálaíochta in 2023 agus 2024. Leis an gclár seo, cuirfear deiseanna meantóireachta agus líonraithe bunaithe ar an nuálaíocht ar fáil do gach comhpháirtí. Beidh sé ina chuidiú chomh maith mar chuid den phleanáil don mhéadú ar aon tionscadal nuálaíochta rathúil a thiocfaidh as an gclár.

| Tionscadal | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Clár Tacaíochta le haghaidh Nuálaíocht ar son na Rannpháirtíochta sa Spórt | €50,000 |

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na
gcuntas díomhaoin
the dormant
accounts fund

www.sportireland.ie